C/2025/1819

20.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11928 – OAKLEY CAPITAL / EURAZEO / BRIDEWELL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1819)

1. An 12 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Oakley Sotogrande Luxco S.à r.l. ('Oakley Capital', Lucsamburg), faoi rialú Oakley Capital Limited (an Ríocht Aontaithe),

— Eurazeo Global Investor SAS ('Eurazeo', an Fhrainc), faoi rialú Eurazeo SE (an Fhrainc),

— Bridewell Group Holdings Limited ('Bridewell'), atá faoi rialú Growth Capital Partners Fund V LP, an Ríocht Aontaithe, faoi láthair.

Gheobhaidh Oakley Capital agus Eurazeo rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Bridewell ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta uile-Eorpach é Oakley Capital arb é an speisialtóireacht atá aige infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí ar fud na bpríomhearnálacha teicneolaíochta, tomhaltóirí, seirbhísí gnó agus oideachais,

— Is cuideachta infheistíochta é Eurazeo atá gníomhach i gcothromas príobháideach, fiachas príobháideach agus sócmhainní réadacha.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Bridewell: seirbhísí cibearshlándála teicneolaíochta faisnéise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11928 – OAKLEY CAPITAL / EURAZEO / BRIDEWELL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË